# Aimsir 4 - Aimsir Chaite (Inné)

**Bhí  Scríob**

1 Bhí sioc ar fhuinneog an chairr inniu arís. Scríob an fear óg an sioc den fhuinneog.
2 Bhí an sneachta úr ina luí sna páirceanna. Bhí gach aon  áit bán.
3 Bhí an fear seo ag dreapadóireacht sa sneachta domhain.
4 Bhí sé ag cur báistí go trom inné ar fud na háite.

**ag stealladh báistí   Thiomáin**

5 Bhí sé ag stealladh báistí ar fud na háite aréir.
6 Thiomáin Daidí go cúramach abhaile mar bhí tuile ar an mbóthar.
7 Bhí tuilte ar na bóithre ar fud na háite.
8 Bhí na briogáidí dóiteáin gnóthach leis na tuilte móra.

**Lonraigh  Chlúdaigh**

9 Lonraigh an ghealach ach chlúdaigh na scamaill í.
10 Lonraigh solas na gealaí trí na crainn.

**Tháinig**

11 Tháinig drochstoirm chugainn aréir. Stoirm uafásach a bhí ann.
12 Bhí tintreach ag splancadh. Bhí splancacha thintrí sa spéir.
13 Bhí splancacha móra fada le feiceáil.

**D'ardaigh  D'éirigh**

14 D'ardaigh Mamaí an teirmeastat tamall mar bhí an teach ana fhuar.
15 D'éirigh an teocht níos airde. Bhí an aimsir ag feabhsú.

**Thosaigh**

16 Thosaigh an sneachta ag leá agus tháinig an t-earrach.
17 Bhí an garraíodóir gnóthach ag cur síolta beaga sa talamh.
18 Thosaigh na síolta beaga ag fás ag tús an earraigh.

**D'fhás  D'fhéach**

19 Bhí an t-earrach ann agus d'fhás na bláthanna áille.
20 D'fhéach mé ar lusanna an chromchinn agus na tiúilipí áille.
21 Bhí an aimsir ana dheas sa Spáinn. Bhí aimsir ana the sa Spáinn i rith an ama.

# Foclóir

1 fhuinneog an chairr / window of the car  Scríob /scraped  den fhuinneog /of the window
2 sna páirceanna / in the fields
3 ag dreapadóireacht / climbing     domhain / deep
4 úr /  fresh    ar fud na háite:  áit / place  ar fud /  all over   na háite
5 ag stealladh /  pouring
6 go cúramach /   carefully Thiomáin / drove  tuile  / flood  ar an mbóthar /  on the road
7 tuile + tuile  / tuilte
8 briogáid dóiteáin / fire brigade  briogáidí / brigades  mor /  big    tuilte móra /  big floods

9 Lonraigh / shone an ghealach / the moon Chlúdaigh / covered
10 trí / through solas na gealaí / light of the moon (na gealaí / tuiseal gin of gealach)
11 stoirm / storm drochstoirm / bad storm chugainn / to us uafásach / horrible / terrible
12 tintreach / lightning splancadh / flashing splancacha thintrí / flashes of lightning
13 splancacha / flashes móra fada big long móra is plural of mór
14 D'ardaigh / increased teirmeastat / thermostat fuar / cold ana fhuar / very cold
15 teocht / temperature ard is high níos airde / higher ag feabhsú / improving
16 ag leá / melting tháinig / came
17 garraíodóir / gardener
18 Thosaigh / started síol / seed na síolta beaga / the small seeds
19 D'fhás / grew bláthanna / flowers bláthanna áille / beautiful flowers
20 D'fhéach / look lus an chromchinn / daffodil lusanna / plural tiúilipi / tulips
21 ana dheas / very nice ana the / very hot i rith an ama / all the time

## **Aimsir 4 - Aimsir Fháistineach** (Amárach)

**Scríobfaidh Luífidh**

1 Scríobfaidh an fear óg an sioc den fhuinneog.
2 Luífidh an sneachta úr sna páirceanna. Beidh gach aon áit bán.

**Beidh**

3 Beidh an fear seo ag dreapadóireacht sa sneachta domhain.
4 Beidh sé ag cur báistí ar fud na háite anocht.
5 Beidh sé ag stealladh báistí ar fud na háite amárach.

**Tiomáinfidh**

6 Tiomáinfidh Daidí go cúramach mar beidh tuile ar an mbóthar.
7 Beidh tuilte ar na bóithre ar fud na háite anocht.
8 Beidh na briogáidí dóiteáin gnóthach leis na tuilte móra.

**Lonróidh Clúdóidh**

9 Lonróidh an ghealach ach clúdóidh na scamaill í.
10 Lonróidh solas na gealaí trí na crainn.

**Tiocfaidh**

11 Tiocfaidh drochstoirm chugainn anocht. Stoirm uafásach a bheidh ann.
12 Beidh tintreach ag splancadh. Beidh splancacha thintrí sa spéir.
13 Beidh splancacha thintrí le feiceáil.

**Ardóidh Éireoidh**

14 Ardóidh Mamaí an teirmeastat tamall mar beidh an teach ana fhuar.
15 Éireoidh an teocht níos airde. Beidh an aimsir ag feabhsú.

**Tosóidh**

16 Tosóidh an sneachta ag leá agus tiocfaidh an t-earrach.
17 Beidh an garraíodóir gnóthach ag cur síolta beaga sa talamh.
18 Tosóidh na síolta beaga ag fás ag tús an earraigh.

**Fásfaidh Féachfaidh**

19 Beidh an t-earrach ann agus fásfaidh na bláthanna áille.
20 Féachfaidh mé ar lusanna an chromchinn agus ar na tiúilipí áille.
21 Beidh an aimsir ana dheas sa Spáinn. Beidh aimsir ana the sa Spáinn i rith an ama.

## Foclóir

1 fhuinneog an chairr/window of the car Scríobfaidh/will scrape den /of
2 Luífidh / will lie úr / fresh / new sna goirt / in the fields chomh bán / so white / as white
3 ag dreapadóireacht / climbing domhain / deep
4 ar fud na háite: áit / place ar fud / all over na háite the place tuiseal ginideach of áit
5 ag stealladh / pouring
6 go cúramach / carefully Tiomáinfidh / will drive tuile / flood ar an mbóthar / on the road
7 tuile + tuile / tuilte
8 briogáid dóiteáin / fire brigade briogáidí / brigades mór / big tuilte móra / big floods
9 Lonraigh / shone an ghealach / the moon Chlúdaigh / covered
10 trí / through solas na gealaí / light of the moon
11 Tiocfaidh / will come drochstoirm / bad storm chugainn / to us uafásach / horrible
12 tintreach / lightning splancadh / flashing splancacha thintrí / flashes of lightning
13 splancacha / flashes móra is plural of mór
14 Ardóidh Mamaí / Mammy will increase fuar / cold ana fhuar / very cold
15 eireoidh / will rise teocht / temperature ard /high níos airde /higher ag feabhsú /improving
16 ag leá / melting Tosóidh / will start
17 garraíodóir / gardener tús an earraigh / beginning of spring
18 Tosóidh / will start síol / seed na síolta beaga / the small seeds aníos / up (from down)
19 Fasfaidh / will grow bláthanna / flowers bláthanna deasa beautiful flowers
20 Féachfaidh / will look lus an chromchinn / daffodil lusanna / plural tiúilipi / tulips
21 ana dheas / very nice ana the / very hot i rith an ama / all the time

## **Aimsir 4 - Aimsir Láithreach** (Gach Lá)

**Scríobann Luíonn**

1 Bíonn sioc ar fhuinneog an chairr. Scríobann an fear óg an sioc den fhuinneog.
2 Luíonn an sneachta úr sna páirceanna. Bíonn gach áit bán.
3 Bíonn an fear seo ag dreapadóireacht sa sneachta domhain.
4 Bíonn sé ag cur fearthainne go trom sa gheimhreadh.

5 Bíonn sé ag stealladh báistí ar fud na háite sa gheimhreadh.

**Tiomáineann**

6 Tiomáineann Daidí go cúramach nuair a bhíonn tuile ar an mbóthar.

7 Bíonn tuilte ar na bóithre nuair a bhíonn drochaimsir againn.

8 Bíonn na briogáidí dóiteáin gnóthach leis na tuilte móra.

**Lonraíonn  Clúdaíonn**

9 Lonraíonn an ghealach ach clúdaíonn na scamaill í.

10 Lonraíonn solas na gealaí trí na crainn.

**Tagann**

11 Tagann drochstoirmeacha chugainn go minic i rith an gheimhridh.

12 Bíonn tintreach ag splancadh. Bíonn splancacha thintrí sa spéir.

13 Bíonn splancacha thintrí le feiceáil.

**Ardaíonn Éiríonn**

14 Ardaíonn Mamaí an teocht tamall nuair a bhíonn an teach ana fhuar.

15 Éiríonn an teocht níos airde. Bíonn an aimsir ag feabhsú.

**Tosaíonn**

16 Tosaíonn an sneachta ag leá agus tagann an t-earrach.

17 Bíonn an garraíodóir gnóthach ag cur síolta beaga sa talamh.

18 Tosaíonn na síolta beaga ag fás ag tús an earraigh.

**Fásann  Féachaim**

19 Bíonn an t-earrach ann agus fásann na bláthanna áille.

20 Féachaim ar lusanna an chromchinn agus ar na tiúilipí áille.
Bíonn an aimsir ana dheas sa Spáinn. Bíonn aimsir ana the sa Spáinn i rith an ama.

## Foclóir

1 go minic /  often

ar fhuinneog an chairr /  window of the car  Scríobann / scrapes  den fhuinneog / of the
2 window

3 sna páirceanna / in the fields   chomh bán / so white / as white

4 ag dreapadóireacht /  climbing   domhain / deep

5 luíonn /  llies úr /  fresh    ar fud na háite:  áit / place   ar fud /  all over

6 ag stealladh /  pouring

7 go cúramach /   carefully Tiomáineann / drives  tuile  / flood  ar an mbóthar /  on the road

8 tuile + tuile  / tuilte   nuair / when

9 briogáid dóiteáin / fire brigade  briogáidí / brigades  mor /  big  tuilte móra /  big floods

10 Lonraíonn /  shines an ghealach / the moon   Clúdaíonn /  covers

11 trí /  through    (na gealaí /  tuiseal gin of gealach)

12 tagann / comes  drochstoirm /  bad storm  chugainn / to us uafásach /  horrible

13 tintreach / lightning  splancadh / flashing    splancacha thintrí / flashes of lightning

14 splancacha / flashes  móra fada big long   móra is plural of mór

15 Cuireann Mamaí suas / ardaíonn / increases  fuar / cold  ana fhuar / very cold

16 teocht / temperature   ard is high   níos airde /  higher  ag feabhsú /  improving
17 Tosnaíonn / starts  ag leá /  melting
18 garraíodóir / gardener    tús an earraigh / beginning of spring
19 Tosnaíonn /  starts  síol / seed   na síolta beaga / the small seeds  aníos / up (from down)
20 fásann / grows  bláthanna /  flowers   bláthanna áille  beautiful flowers
21 Féachann / looks    lus an chromchinn / daffodil  lusanna / plural  tiúilipi / tulips tulip/s
ana dheas /  very nice  ana the / very hot   i rith an ama / all the time

## **An Aimsir 4 - Ainm Briathartha** (Anois)

**ag scríobadh  ina luí**

1 Tá sioc ar fhuinneog an chairr inniu arís.Tá an fear óg ag scríobadh na fuinneoige.
2 Tá sneachta ina luí sna páirceanna. Tá gach aon  áit bán.
3 Tá an fear seo ag dreapadóireacht sa sneachta domhain.
4 Tá sé ag ag cur báistí go trom inniu ar fud na háite.
5 Tá sé ag stealladh báistí ar fud na háite.

**ag tiomáint**

6 Tá Daidí ag tiomáint go cúramach mar tá tuile ar an mbóthar.
7 Tá tuilte ar na bóithre ar fud na háite.
8 Tá na briogáidí dóiteáin gnóthach leis na tuilte móra.

ag lonrú  ag clúdach

9 Tá an ghealach ag lonrú ach tá na scamaill ag clúdach na gealaí.
10 Tá solas na gealaí ag lonrú trí na crainn.
11 Tá drochstoirm ar an tslí chugainn. Stoirm uafásach atá ann.
12 Tá lasracha ag splancadh. Tá splancacha thintrí sa spéir.
13 Tá splancacha móra fada le feiceáil.

**a ardú  ag  éirí**

14 Tá an teirmeastat a ardú ag Mama.Tá an teach ana fhuar.
15 Tá an teocht ag éirí níos airde. Tá an aimisr ag feabhsú.

**ag leá  ag cur síolta**

16 Tá an sneachta ag leá agus tá an t-earrach ag teacht.
17 Tá an garraíodóir gnóthach ag cur síolta beaga sa talamh.
18 Tá na síolta beaga ag fás aníos ag tús an earraigh.

**ag fás  ag féachaint**

19 Tá an t-earrach ann agus tá bláthanna áille ag fás.
20 Ta mé ag féachaint ar lusanna an chromchinn agus ar na tiúilipí áille.
21 Tá an aimsir ana dheas sa Spáinn. Tá aimsir ana the sa Spáinn i rith an ama.

## Foclóir

1 ar fhuinneog an chairr / window of the car (tuiseal ginideach carr an chairr)
2 úr / fresh / new sna páirceanna / in the fields
3 ag dreapadóireacht / climbing domhain / deep
4 trom / heavy ar fud na háite: áit / place ar fud / all over na háite the place
5 ag stealladh / pouring
6 Bi curamach / Be careful ag tíomaint / driving tuile / flood ar an mbóthar /on the road
7 tuile + tuile / tuilte
8 briogáid dóiteáin fire brigade briogáidí / brigades mór / big tuilte móra / big floods
9 an ghealach / the moon ag lonrú / shining ag clúdach / covering
10 trí / through solas na gealaí / light of the moon (na gealaí / tuiseal gin of gealach)
11 drochstoirm / bad storm ar an tslí / on the way chugainn / to us uafásach / horrible
12 tintreach / lightning splancadh / flashing splancacha thintrí / flashes of lightning thintri
13 splancacha / flashes móra fada big long plural of mór and fada
14 a ardú / increasing fuar / cold ana fhuar / very cold ana / very
15 teocht / temperature ard is high níos airde / higher ag feabhsú / níos fearr / improving
16 ag leá / melting
17 garraíodóir / gardener
18 síol / seed na síolta beaga / the small seeds tús an earraigh / beginning of spring
19 bláthanna / flowers bláthanna áille beautiful flowers áille is plural of álainn
20 lus an chromchinn / daffodil lusanna / plural tiúilipi / tulips deasa / áill beautiful
21 ana dheas / very nice i rith an ama / all the time ana the / very hot

anmúinteoir ©

*Digital Resource for Teachers, Students and Parents*

This content is protected by Digital Copyright Laws. Reproduction and distribution of this content without written permission of anmúinteoir is prohibited.